

Naomh Bríd ag cur i gcoinne a hathar



Rugadh Naomh Bríd i bhFochaird, contae an Lú, agus ba sclábhaí Críostaí a máthair agus ba thaoiseach saibhir págánach Laighneach darbh ainm Dubhtach a hathair.

Bhaist Naomh Pádraig máthair Bhríde agus theastaigh uaithi Bríd a thógáil mar Chríostaí. Nuair a bhí an mháthair ag súil, dhíol Dubhtach í le draoi áitiúil mar sclábhaí.

Chaith Bríd an chéad deich mbliana dá saol ag obair ar fheirm an fhir sin – ag ní, ag cócaireacht agus ag beathú na n-ainmhithe. Bhíodh a máthair bhocht de shíor ag tabhairt íde béil di as an maoin a bhí acu a thabhairt do na boicht.

Nuair a bhí sí deich mbliana d'aois, thóg a hathair ar ais í, agus bhí sí ina searbhónta aige. Fad is a bhí sí leis, bhíodh sí ag tabhairt a mhaoinse don bhocht, rud a chur ar deargbhuile é.

De réir mar a bhí Bríd ag dul in aois, bhí cáil ag teacht uirthi as a cuid áilleachta. Chinn a hathair, agus é dubh dóite di a bheith ag tabhairt a mhaoine uaithi, í a phósadh le Rí Uladh. Níor theastaigh ó Bhríd pósadh, áfach, theastaigh uaithi a saol a chaitheamh le cúrsaí creidimh.

Chuir Naomh Bríd i gcoinne mhianta a hathar agus ghuigh sí go mbainfí a háilleacht di le cinntiú nach dteastódh ó Rí Uladh í a phósadh. Agus sin a tharla, rud a chur fearg níos mó fós ar a hathair.

Ar deireadh thiar thall, chinn a hathair fáil réidh léi agus thug sé í chomh fada le Rí Laighean le hiarraidh air an dtógfadh sé í.

Bhí an Rí ag breathnú ar Bhríd i rith an ama agus chonaic sé í ag goid chlaíomh seodmhar a hathar lena thabhairt d'fhear bocht a bhí ag dul thar bhráid, chun go bhféadfadh sé a chlann a chothú.

Dúirt an Rí lena hathair í a shaoradh ón sclábhaíocht, mar “ba mhó a luach os comhair Dé ná ár luach féin”. Rinne Dubhtach amhlaidh agus lig sé do Bhríd a creideamh a chleachtadh agus thug di an tsaoirse le bheith ag staidéar don saol reiligiúnach agus ina dhiaidh sin le bheith ina máthairab ar Chill Dara – ár Naomh Bríd féin.